www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
January 2019

# Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 2
**(Le háireamhán)**
Bonnsraith

*GMT52*

**[GMT52]**
**DÉARDAOIN 10 EANÁIR, 10.45am–11.45am**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin**.
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar**.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí**.
Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheasúnú sa pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **7(b)**.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

11781.04


www.xtrapapers.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$






**Toirt phriosma** = achar trasghearrtha × fad



www.xtrapapers.com

**1** Tarraing na línte siméadrachta ar gach cruth thíos.





[3]

**2** Ceannaíonn Pilib teilifíseán.

Íocann sé éarlais de £200

Ansin íocann sé £23 gach seachtain ar feadh 12 sheachtain.

Cá mhéad a íocann sé san iomlán?

Freagra £ ____________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**3**

| P | = | $x$ | + |
|---|---|---|---|

Bain úsáid as ceann amháin de na siombailí nó na litreacha ón bhosca le gach ceann acu seo a leanas a dhéanamh fíor.

**(a)** Is foirmle é L _______ $3x - 6$ [1]

**(b)** Is cothromóid é $5 = 9 -$ _______ [1]

**(c)** Is slonn é L _______ $3x - 6$ [1]

www.xtrapapers.com

**4** **(a)** Oibríonn Síle ar feadh 35 uair an chloig gach seachtain.

Tuilleann sí £11.40 san uair.

Cá mhéad a thuilleann sí gach seachtain?

Freagra £ ______________ [2]

**(b)** Cá mhéad a thuilleann sí i mbliain amháin?

Glac leis go bhfuil 1 bhliain = 52 seachtain.

Freagra £ ______________ [1]


**(c)** Cá mhéad a thuilleann sí gach mí ar an mheán?

Freagra £ ______________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**5** **(a)**




Tógtar cruth amháin go randamach ón bhosca thuas.




Cé acu pointe (A, B, C, D, E nó F) ar an scála dóchúlachta is fearr a mheaitseálann an dóchúlacht

**(i)** go bhfuil ceithre shlios ag an chruth, Freagra ________ [1]

**(ii)** go bhfuil sleasa comhthreomhara ag an chruth, Freagra ________ [1]

**(iii)** go bhfuil ceithre shlios chothroma ag an chruth? Freagra ________ [1]

**(b)** Ainmnigh dhá chruth le siméadracht rothlach d'ord 2

Freagra ____________________ agus ____________________ [2]

www.xtrapapers.com

**6** **(a)** Tá 1 throigh = 0.3048 méadar

Is é 7 méadar an fad carbháin is mó atá sé ceadmhach a tharraingt ar bhóithre na Breataine.

Cá mhéad troigh atá ann?

Freagra ________________ troigh [2]

**(b)** Tá 1 ghalún = 4.5 lítear

Tá dhá bhairille uisce ag Seán.

Tá 165 lítear i mBairille A.
Tá 38 galún i mBairille B.

Cé acu bairille a bhfuil an méid is mó uisce ann?

Freagra Bairille ________
mar

[2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**7** **(a)** Is iad 4, 7 agus 9 na trí dhigit dheireanacha d'uimhir fhón póca Ruairí.

Tá dearmad déanta aige ar an ord ina dtagann siad.

Liostaigh na féidearthachtaí uilig.

[2]

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

**(b)** Is iad 3, 6 agus 6 na trí dhigit dheireanacha ag Niamh.

Tá dearmad déanta aici fosta ar an ord ina dtagann siad.

Mínigh cad chuige a bhfuil sé níos dóchúla go dtomhaisfidh sí a hord ceart ná go dtomhaisfidh Ruairí a ord ceart.

[1]

www.xtrapapers.com

**8** Nuair atá c = 2 agus d = 5, luacháil $c + d^2$

Freagra ___________ [2]

**9** D'íoc Siobhán £25 ar mhála droma.

Ar saoire, d'íoc Seán 28 euro ar an mhála droma cheannann chéanna.

Ba é £1 = 1.10 euro an ráta malairte.

Cé a d'íoc an chuid is mó agus cá mhéad níos mó?

Freagra D'íoc _____________ _____________ níos mó [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**10** Déantar dhá dhísle neamhchlaonta A agus B a rolladh.

Suimítear na huimhreacha ar na díslí le chéile.

Tá na torthaí féideartha uilig ar taispeáint sa tábla thíos.

**Dísle A**

| **Dísle B** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| **2** | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| **3** | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| **4** | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **5** | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| **6** | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |


Cad é an dóchúlacht go bhfaighfear iomlán ar iolrach de 3 é?

Freagra _________ [2]

www.xtrapapers.com

**11** Bogann róbat trasna seomra, ag tosú ag pointe atá 1 m ó bhalla A.

**(a)** Breac an pointe seo ar an ghraf thíos.




[1]

**(b)** Ansin, bogann an róbat ar luas tairiseach de 20 cm sa tsoicind go dtí balla B.

Tarraing an graf den chuid seo de ghluaiseacht an róbait go dtí balla B. [2]


**(c)** Stopann sé ansin ar feadh 15 shoicind agus bogann sé ar ais go díreach go dtí balla A ar 40 cm sa tsoicind.

Comhlánaigh an graf. [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com


**12** Rothlaigh an cruth 90° ar tuathal thart ar an bhunphointe.




[3]

www.xtrapapers.com

**13**



Is é 216 $cm^2$ achar an triantáin mhóir.

Is é 3 : 1 cóimheas achar an triantáin mhóir le hachar an triantáin bhig.

Cad é **achar iomlán** an dá thriantán?

Freagra ________ $cm^2$ [3]

**14** Is é 11 $g/cm^3$ dlús slat mhiotail.

Is é 48 $cm^3$ a toirt.

Faigh a mais.

Freagra ________ g [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**15** Rinneadh suirbhé ar aois carranna i gcarrchlós 4 stór.

| **Urlár** | **Líon carranna** | **Líon carranna os cionn 5 bliana d'aois** | **Minicíocht choibhneasta (2 i.d.) (*2 d.p.*)** |
|---|---|---|---|
| 1 | 42 | 16 | 0.38 |
| 1 agus 2 | 75 | 27 | |
| 1, 2 agus 3 | 105 | 32 | |
| 1, 2, 3 agus 4 | 114 | 37 | |

**(a)** Comhlánaigh an tábla do na luachanna minicíocht choibhneasta atá ar iarraidh, agus slánaigh go dtí 2 ionad de dheachúlacha nuair is gá. [2]

**(b)** Cad é an meastachán is fearr don dóchúlacht go bhfuil carr os cionn 5 bliana d'aois?

Freagra __________ [1]

**(c)** Ar lá eile, bhí 186 carr sa charrchlós.

Ríomh meastachán don líon carranna a bhí os cionn 5 bliana d'aois.

Freagra __________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

11781.04

www.xtrapapers.com

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |

| | |
|---|---|
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.